



An Bhruiséil, 3 Samhain 2023
(OR. en)

14108/23

SPORT 34

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Timpeallacht Shábháilte sa Spórt – <i>Díospóireacht bheartais</i>

Tar éis dul i gcomhairle le comhaltaí na Meithle um an Spórt, d'ullmhaigh an Uachtaránacht nóta cúlra, atá i gceangal leis seo, a bheidh mar bhonn don díospóireacht bheartais ag an gcuinniú den Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an 23 agus an 24 Samhain 2023.

AN SPÁINN 2023 PEUE AN SPÓRT
NÓTA CÚLRA DO DHÍOSPÓIREACHT PHOLAITIÚIL
CHOMHAIRLE NA nAIRÍ
an 24 Samhain 2023

Timpeallacht Shábháilte sa Spórt

Meastar an spórt a bheith ar cheann de na gníomhaíochtaí is tairbhiúla do shláinte an duine, idir shláinte fhisiceach agus mheabharshláinte, mar aon lena thábhacht i dtaobh an lánpháirtithe shóisialta agus an chuimsithe shóisialta, lena gcuimsítear freisin an ghné shóisialta, phearsanta, eacnamaíoch agus an clú, go háirithe i gcás spórt iomaíoch.

Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, mar a leagtar síos in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) é. I gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tugtar le chéile na saoirsí pearsanta agus na cearta is tábhachtaí atá ag saoránaigh an Aontais in aon doiciméad amháin atá ceangailteach ó thaobh dlí.

I mí na Samhna 2021, leagadh amach i rún ón gComhairle príomhghnéithe na Samhla Eorpaí Spóirt (ESM), mar shampla, saoirse comhlachais, struchtúr pirimide, córas oscailte cáilithe agus dícháilithe, cur chuige agus dlúthpháirtíocht an phobail, ról san fhéiniúlacht náisiúnta, tógáil pobail, agus struchtúir atá bunaithe ar an ngníomhaíocht dheonach. Aithnítear freisin an ról sóisialta, oideachais, cultúrtha agus sláinte atá ag an spórt, i gcomhréir le forálacha ábhartha dhlí an Aontais. Ina theannta sin, iarrtar sa rún ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an ngluaiseacht spóirt cearta bunúsacha agus cearta an duine a urramú agus a chur chun cinn sa spórt agus tríd an spórt.

Tá luachanna na Samhla Eorpaí Spóirt fite fuaite le timpeallacht spóirt níos sábháilte a áirithiú do chách.

Is gnéithe riachtanacha iad an tsláinte agus an tsábháilteacht nach mór a chur san áireamh chun tairbhe iomlán aonair agus chomhchoiteann an spóirt a bhaint amach. Bíonn roinnt tosca le cur san áireamh maidir leis an timpeallacht spóirt, mar shampla, saincheisteanna teicniúla agus lóistíochta, cúrsaí sóisialta agus comhshaoil, agus sláinte ghinearálta na ndaoine lena mbaineann.

Tá dúshlán shuntasacha ag baint le gach ceann de na tosca sin agus ní mór dul i ngleic leo go luath.

Baineann an chéad cheann de na dúshlán sin le bonneagar agus saoráidí sábháilte spóirt, ós rud é nár cheart go mbeadh aon bhaol ann don tsláinte ná don tsábháilteacht an spóirt a chleachtadh. Ar an mbonn seo, tá roinnt gnéithe ann nach mór a chur san áireamh, mar shampla, aois an rannpháirtithe agus an saghas spóirt a bhíonn i gceist. Nuair a bhíonn saoráidí agus spásanna spóirt á bpleanáil, á ndearadh agus á mbainistiú, ba cheart tús áite a thabhairt do phrótacail éigeandála, mar aon le bearta inrochtaineachta, deimhniúchán inbhuanaitheachta agus athbhreithnithe cothabhála ar spásanna. Dá dtabharfaí aghaidh ar na gnéithe sin sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma, d'fhéadfadh tionchar díreach agus dearfach a bheith aige sin ar dhaoine aonair, agus, ag an am céanna, chuirfeadh sé pobal cuimsitheach tacúil chun cinn atá tiomanta d'fholláine agus do chosaint a gcuid saoránach.

Ó thaobh cúrsaí sóisialta agus cultúrtha de, tá an tsláinte, an tsábháilteacht agus gnéithe leighis agus sláinteachais na n-imeachtaí ollmhóra agus na gcomórtas spóirt ríthábhachtach má tá an spórt le cleachtadh i dtimpeallacht shábháilte. Tá ról tábhachtach ag na gnéithe struchtúracha ó thaobh na slándála de, mar shampla cáilíocht na saoráidí iad féin, mar aon le lóistíocht, eagrúchán agus bainistíocht, a mhéid a bhaineann le baill foirne agus le spásanna laistigh agus lasmuigh. Tá rannpháirtíocht na foirne slándála (póilíní agus comhlachtaí slándála) ríthábhachtach chun timpeallacht shábháilte a bhaint amach sa spórt.

I bhfianaise na n-imthosca dlíthiúla, breithiúnacha, cultúrtha agus stairiúla ar leith i ngach Ballstát, chomh maith le nádúr sonrach agus tromchúis na saincheisteanna cosanta agus slándála, ní mór don chur chuige i leith timpeallacht shábháilte sa spórt a bheith cuimsitheach agus iomlánaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart comhghuaillíochtaí éifeachtacha ar bhonn idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla a chruthú chun cur chuige ilinstitiúideach comhtháite agus cothrom a fhorbairt chun timpeallacht shábháilte sa spórt a áirithiú.

Ceann de na príomhdhúshláin ar an mbonn seo gan amhras is ea an chaint chiníoch, an chaint sheineaföbach, nó an fhuathchaint a shainaithint, a chosc, agus freagairt di. Ina theannta sin, uaireanta is féidir le foréigean a bhaineann le spórt dul thar an imeacht spóirt féin agus is baol a bhíonn ann don phobal i gcoitinne. Dá bhrí sin, bheadh sé an-tairbheach dá bhféadfadh na húdaráis agus an fhoireann slándála faisnéis a roinnt ar a chéile faoi phróifílí riosca ag imeachtaí spóirt. Bheadh sé úsáideach freisin infheistíocht a dhéanamh i gcúrsaí oiliúna maidir le slua-rialú, foréigean a chosc agus loitiméireacht chun timpeallacht shábháilte chosanta fháilteach a áirithiú sa spórt agus ag aon oll-imeacht eile.

Tá ról tábhachtach ag an spórt i gcuimsiú agus i gcur chun cinn luachanna ar nós an chomhair, na dlúthpháirtíochta, an cheartais agus an daonlathais. Caithfear tús a chur leis an gcur chuige sin i scoileanna agus ní mór bearta leordhóthanacha agus comhréireacha a bheith ag gabháil leis – mar chuid de straitéis leathan slándála agus cosanta – d’fhonn imeachtaí sábháilte spóirt a chur ar siúl a bheidh tarraingteach do chách.

Anuas air sin, ba cheart do na húdaráis phoiblí nó do na comhlachtaí inniúla caighdeáin a ghlacadh nó sásraí a chur chun feidhme chun éifeachtacht nósanna imeachta, prótacal agus córas cosanta agus slándála a ráthú.

Is gné thábhachtach í an tsláinte freisin sa phlé faoi thimpeallacht shábháilte sa spórt.

Níl aon amhras ach go bhfuil buntáistí sláinte ag baint leis an spórt, cé gur féidir leis a bheith ina bhaol don tsláinte mura ndéantar é a chleachtadh i dtimpeallacht shábháilte nó murar spórt oiriúnach don té i mbun a chleachtaidh é, a d’fhéadfadh a bheith faoi lé tionóiscí, gortuithe nó tinnis mar thoradh air sin. Chun na rioscaí sin a íoslaghdú, ba cheart scrúdú leighis spóirt a dhéanamh sula dtabharfar faoi haon chleachtas nua spóirt a dhéanamh. Dhéanfaidh an scrúdú sin oiriúnacht duine do spórt ar leith a mheas agus bhraithfeadh sé paiteolaíochtaí nó aon riocht sláinte a d’fhéadfadh é a dhéanamh neamh-inmholta spórt ar leith a chleachtadh. Laghdódh scrúdú den sórt seo an bás tobann sa spórt dá n-aithneofaí riochtaí áirithe leighis roimh ré. Mholfaí go mór dóibh siúd go léir a dhéanann gníomhaíocht choirp nó a chleachtann spórt amaitéarach dul faoi mheasúnú leighis agus bheadh sé inmholta é sin a dhéanamh éigeantach ag tús an tséasúir agus d’fhonn ceadúnas a fháil chun an spórt sin a chleachtadh. I gcás lúthchleasaithe ardleibhéil, bheadh sé inmholta freisin tabhairt faoi chlár faireacháin sláinte. Ba cheart cúnaimh leighis iomchuí a chur ar fáil freisin ag na háiseanna spóirt agus sna hionaid iomaíochta, go háirithe d’imeachtaí móra.

Tá sé chomh tábhachtach céanna íoscheanglais maidir le scileanna agus inniúlachtaí na draenáilaithe a chur chun feidhme toisc go bhfuil ról lárnach le himirt acusan maidir leis an tsochaí a athrú. Sin é an fáth nach mór traenáilaithe a thabhairt chun cuntais as a chinntiú go n-oibríonn siad ar bhealach sábháilte eiticiúil ar mhaithe leis an rannpháirtí nó leis an lúthchleasaí.

Ó thaobh cúrsaí sóisialta de, tá réimse éagsúla sainaitheanta againn a bhfuil obair de dhíth orthu chun timpeallacht shábháilte sa spórt a áirithiú.

Ar an gcéad dul síos, bíonn tábhacht ag baint le spórt san óige i ndáil le forbairt cheart fhisiceach, shóisialta, mhothúchánach agus shíceolaíoch an linbh. I gcásanna ina bhfuil aon leid ann maidir le mí-úsáid, ciapadh, foréigean, nó ionsaí fhisiceach, síceolaíoch nó sóisialta, ní mór d'oideoirí agus d'údarais áitiúla dul i mbun oibre le chéile chun leanaí a chosaint.

Sainaitníodh, i staidéar de chuid an Choimisiúin in 2019 maidir le leanaí a chosaint sa spórt, dhá mhór-réimse i réimse chosaint na leanaí sa spórt ar gá aird a thabhairt orthu: coincheapú an fhoréigin in aghaidh leanaí sa spórt (lena n-áirítear saincheisteanna ar nós mí-úsáid shíceolaíoch, bulaíocht nó ró-oiliúint ar lú an aird a tugadh orthu go stairiúil) agus bearta coimirce leordhóthanacha; agus caighdeáin agus cleachtais chosanta níos comhsheasmhaí a fhorbairt (mar shampla, an gá atá le leibhéil iomchuí rialachais agus treoir níos soiléire a fhorbairt do gheallsealbhóirí agus do chleachtóirí).

Ar an dara dul síos, ní mór do dhálaí a bheith ann a fhágann go bhféadfaidh gach duine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spórt i dtimpeallacht chomhionann shábháilte, agus riachtanais an spóirt oiriúnaithe á gcur san áireamh.

Baineann an tríú réimse leis an gcomhrac i gcoinne an fhoréigin ghnéasaigh in aghaidh na bhfear agus na mban araon. I gcomhréir leis an gcuspóir maidir le timpeallacht shábháilte sa spórt, ní mór bearta a mheas chun dul i ngleic le foréigean gnéasach, chomh maith le mí-úsáid agus ciapadh béil, fisiceach nó síceolaíoch. Ba cheart do chónaidhmeanna spóirt pleananna gníomhaíochta a bhunú, bealaí tuairiscithe a fhorbairt, agus sásraí a bhunú chun an mhí-úsáid a chosc agus timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do gach spórt.

1. Cé na bearta is rathúla a rinneadh i do thírse go dtí seo chun timpeallacht shábháilte sa spórt a chur chun cinn?
2. Cé na bearta ba cheart a chomhordú ar an leibhéal Eorpach chun timpeallacht shábháilte sa spórt a chur chun cinn?
